# Ár bPlean Teanga – Céard é sin?
## Our Language Plan – What's that?

**Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh ina Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta.** Dúiche Sheoigheach and Tuar Mhic Éadaigh is a Gaeltacht Language Planning area.

**Plean Teanga 7 mBliana á chur i bhfeidhm le líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú.** 7 Year Language Plan being implemented to increase the number of Irish speakers.

**Oifigeach Pleanála Teanga lánaimseartha fostaithe ag an gceanneagraíocht, Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.** Full-time Language Planning Officer employed by Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.

**Coiste Pleanála Teanga le hionadaithe pobail.** Language Planning Committee representing the community.

# An Phleanáil Teanga - Céard é sin?
## Language Planning - What's that?




1) **Dearcadh an phobail i leith na Gaeilge - táimid ag iarraidh go mbeadh an pobal dearfach faoin teanga!** Attitudes towards Irish - we want the community to be positive about the language!

2) **An úsáid a bhaintear as an teanga - is mian linn úsáid na Gaeilge a mhéadú sa phobal!** How the language is used - we want to increase the use of Irish in the community!

## Ár bhFís Our Vision

Pobal bríomhar, muiníneach Gaeltachta a chaomhnú agus a chothú sa cheantar agus líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Limistéar Pleanála Teanga a mhéadú 20% faoin mbliain 2025. Labhairt na Gaeilge a normalú i measc daoine óga sa cheantar le cinntiú go gcuirfear í ar aghaidh ag an gcéad ghlúin eile mar theanga pobail.

The protection and promotion of the area's vibrant, confident Gaeltacht community and a 20% increase in the number of daily Irish speakers in the Language Planning Area by 2025. Normalise the use of Irish among young people in the area to ensure it is passed on to the next generation as a community language.

## Cén tábhacht a bhaineann leis seo?
## Why is this important?

Braitheann stádas Gaeltachta an cheantair ar an obair seo. The area's Gaeltacht status depends on this work.

Tá an Ghaeilge á labhairt i nDúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh leis na glúnta – tá deis againn anois todhchaí na teanga mar theanga pobail sa cheantar a chinntiú. Irish has been spoken in Dúiche Sheoigheach and Tuar Mhic Éadaigh for generations – we have an opportunity now to ensure its future as a community language in the area.

Buntáistí agus deiseanna móra sóisialta, eacnamaíocha, oideachasúla, fostaíochta agus pobail ag baint le labhairt na Gaeilge agus stádas Gaeltachta. Speaking Irish and Gaeltacht status brings significant social, economic, educational, employment and community benefits and opportunities.

Gaeltacht na hÉireann

## Ár nGaeltacht Our Gaeltacht

| | |
|---|---|
| DAONRA 3 bl. d'aois +<br>POPULATION 3 yrs + | **3088** |
| CUMAS SA GHAEILGE<br>IRISH LANGUAGE ABILITY | **2088** (67.6%) |
| CAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE<br>DAILY IRISH SPEAKERS | **426** (13.8%) |
| CAINTEOIRÍ SEACHTAINIÚLA GAEILGE<br>WEEKLY IRISH SPEAKERS [1] | **291** (9.4%) |

Deir 78% de thuismitheoirí go bhfuil sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge mar theanga pobail sa cheantar. 78% of parents believe it is important that Irish continues as a community language in the area. [2]

5 Bhunscoil agus 2 Iarbhunscoil
5 Primary and 2 Secondary Schools


3 Pharóiste 3 Parishes

2 Chumann CLG 2 GAA Clubs

## Ceol agus Cultúr Music and Culture

Ranganna agus imeachtaí ceoil do dhaoine óga trí mheán na Gaeilge eagraithe ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann - Craobh Dhúiche Sheoigheach. Music classes and events for young people through the medium of Irish organised by Comhaltas Ceoltóirí Éireann - Craobh Dhúiche Sheoigheach.

Ceol na Locha - Féile bhliantúil cheoil is chultúir i dTuar Mhic Éadaigh. An annual music and cultural festival in Tuar Mhic Éadaigh.



Daonáireamh 2016 2016 Census [1]
Taighde áitiúil don Phlean Teanga in 2016 Local research for the Language Plan 2016[2]

# Céard is féidir leat a dhéanamh?
What can you do?

**Tá ról tábhachtach ag an bpobal sa phróiseas seo!**
The community have an important role in this process!

**Úsáid do chuid Gaeilge gach lá - sa bhaile, ag an obair agus sa phobal!** Use whatever Irish you have every day – at home, at work and in the community...is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste!

**Glac páirt in imeachtaí áitiúla Gaeilge.** Get involved in local Irish language events.

**Coinnigh i dteagmháil leis an Oifigeach Pleanála Teanga - Inis dúinn cad a chabhródh leat do Ghaeilge a fheabhsú.**
Keep in touch with the Language Planning Officer - Tell us what would help you improve your Irish.

**Bímis bródúil as ár dteanga - labhair í agus mairfidh sí!** Let's be proud of our language - speak it and it will thrive!



## Bí páirteach! Get involved!

Is leis an bpobal an Ghaeilge agus is leis an bpobal an plean teanga. Tá deis iontach againn anois borradh a chur faoin nGaeilge mar theanga pobail agus todhchaí na teanga a chinntiú don chéad ghlúin eile. Tá rannpháirtíocht agus tacaíocht an phobail riachtanach le go n-éireoidh linn aidhmeanna an phlean a bhaint amach.

An Ghaeilge and the language plan belong to the community. We now have a great opportunity to protect and grow an Ghaeilge as a community language and to ensure its future for the next generation. Community support and participation is essential to achieve the aims of the language plan.

## Ambasadóirí Teanga 2021

2021 Language Ambassadors



**Katie Ní Fhiaraic**

Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna

'Táim an-bhuíoch go bhfuil mé in ann an teanga a labhairt i mo scoil, sa phobal agus sa bhaile'. 'I'm very grateful to be able to speak the language at school, in the community and at home'.



**Sheona Ní Mháille**

An tSraith, Tuar Mhic Éadaigh

'Tá an-tábhacht ag baint leis an nGaeilge i mo shaolsa. Chuile deis atá mé i ndiaidh a fháil thar na blianta is mar gheall go bhfuil Gaeilge agam go bhfuair mé iad'. 'Irish is very important in my life. Every opportunity I've had over the years I've had them because I speak Irish'.

## **Ár nGaeltacht** Our Gaeltacht



**Déan teagmháil** Get in touch




**Oifigeach Pleanála Teanga**
Language Planning Officer
**Stiofán Seoighe**
Comharchumann Dhúiche
Sheoigheach Teo.
Corr na Móna
Co. na Gaillimhe

087 3970227
opt.cdst@gmail.com
: gaeilgedstme


Plean Teanga ar fáil ag
Language Plan available at
**www.cdsteo.ie/pleanail-teanga**